



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

Gaeilge

Páipéar II

Ardleibhéal

Dé Máirt 14 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:35

120 marc

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'íarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór do na hiarrthóirí tabhairt faoi **thrí** cheist mar seo a leanas:

Ceist 1 (50 marc)
agus
Ceist 2 (30 marc) **nó** Ceist 3 (30 marc)
agus
Ceist 4 (40 marc)

Ceist 1: Freagair Léamhthuiscent A (50 marc) **nó** Léamhthuiscent B (50 marc).
Tá Ceist 1 - 5 ar aon mharc. Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó
i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.
Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach.

Freagair Ceist **2** (30 marc) **nó** Ceist **3** (30 marc).

Ceist 2: Freagair Ceist 2A (30 marc) **nó** Ceist 2B (30 marc).

2A. Prós Ainmnithe

Freagair ceist **amháin** as do rogha de 2A (a) **nó** 2A (b).

2B. Prós Roghnach

Freagair ceist **amháin** as do rogha de 2B (a) **nó** 2B (b).

NÓ

Ceist 3: Freagair Ceist 3A (30 marc) **nó** Ceist 3B (30 marc).

3A. Filíocht Ainmnithe

Freagair ceist **amháin** as do rogha de 3A (a) **nó** 3A (b).

3B. Filíocht Roghnach

Freagair ceist **amháin** as do rogha de 3B (a) **nó** 3B (b).

Ceist 4: An Litríocht Bhreise (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F).

Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (50 marc)

Freagair Léamhthuiscint A **nó** Léamhthuiscint B anseo.

A – 50 marc

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

Máire Mhac an tSaoi – Laoch ar Lár

1. Bíonn sé de nós ag daoine ag deireadh gach bliana súil siar a chaitheamh ar an mbliaín atá díreach imithe thart, ar na mórscéalta nuachta a bhí i mbéal an phobail, ar na laochra a rinne éachtaí agus ar na daoine a d'imigh ar shlí na fírinne. Is le paindéim an choróinvíris a bhain cuid mhaith den chaint a rinneadh faoin mbliaín 2021. Bhí neart scéalta ceiliúrtha i réimsí eagsúla de shaol na tíre freisin. Bhí brón ar dhaoine i ngach cearn den tir nuair a fuair beirt de mhórphearsana liteartha na tíre, Máire Mhac an tSaoi agus Brendan Kennelly, bás an deireadh seachtaine céanna i mí Dheireadh Fómhair 2021. Nuair a cailleadh Máire Mhac an tSaoi, dúirt an tUachtaráin, Micheál D. Ó hUiginn, go raibh sí ar dhuine d'fhilí ceannródaíocha na Gaeilge san fhichiú haois. Luagh sé an paisean tógálach a bhí aici don Ghaeilge agus do mhuintir na Gaeltachta ar feadh a saoil. Foilsíodh ailt in irisí agus i nuachtáin in ómós do Mháire Mhac an tSaoi. Sna haitl sin, moladh í mar thaidhleoír, mar scoláire, mar scríbhneoir agus mar aistritheoir. Dúradh go mairfeadh a cáil mar bhean liteartha i bhfad i ndiaidh na haoise seo.

2. I mBaile Átha Cliath a rugadh Máire Mhac an tSaoi ar an 4 Aibreán, 1922, an duine ba shine de thriúr clainne. Throid a hathair, Seán Mac an tSaoi, in Éirí Amach na Cásca i 1916. Duine de bhunaitheoirí Fhianna Fáil sa bhliain 1926 ba ea é agus bhí sé ina Aire Airgeadais i rialtas de Valera. Múinteoir agus léachtóir ollscoile ba ea a máthair, Margaret. D'fhreastail Máire ar Scoil Alexandra agus ina dhiaidh sin, ar Loreto Beaufort i Ráth Fearnán. Tar éis di an Ardteistiméireacht a dhéanamh i 1938, rinne sí staidéar ar an Léann Ceilteach agus ar Nua-Theangacha in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Bhí cumas intleachta as an ngnách i Máire mar bhuaigh sí an Scoláireacht Taistil sa bhliain 1942, an gradam ba mhó a bhí á thairiscint ag an Ollscoil Náisiúnta do mhic léinn ag an am. Bheartaigh sí dul go dtí an *Institut des Hautes Études en Sorbonne* i bPáras chun staidéar a dhéanamh ar na teangacha Ceilteacha. Ach b'éigean di a plean

a chur ar athlá toisc go raibh an Dara Cogadh Domhanda ar siúl ag an am. Idir an dá linn, ghlac sí le post mar thaighdeoir in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

3. Fad a bhí Máire ag obair in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, mhol a hathair di cursa staidéir a dhéanamh in Óstaí an Rí le bheith ina habhcóide, rud a rinne sí. Glacadh le Máire mar abhcóide i 1944. Ní dheachaigh sí leis an dlí mar ghairm bheatha riamh, áfach, mar nach raibh mian a croí ann. Bhí níos mó suime aici i gcúrsaí litríochta agus sa saol acadúil. Faoin bhfómhar 1945, bhí an cogadh thart ar an Mór-Roinn agus bhí deis ag Máire sa deireadh dul go dtí an *Institut des Hautes Études en Sorbonne* i bPáras chun an cursa léinn sna Teangacha Ceilteacha a dhéanamh. Nuair a d'fhill sí abhaile, rinne sí scrúdú oscailte iomaíoch na Státseirbhíse. Ba é an toradh a bhí ar an scrúdú sin ná gur ghnóthaigh sí an dara háit ann agus ceapadh í mar oifigeach riarrachán sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, an chéad bhean a earcaíodh sa Roinn Gnóthaí Eachtracha ar an dóigh sin. Chaith sí seal ina taidhleoír sa Fhrainc agus ina rúnaí ambasáide i Madrid na Spáinne. Bhí sí ar dhuine den bheagán taidhleoíri mná a bhí i seirbhís taidhleoireachta na tíre seo ag an am sin. Nuair a d'fhill sí ar Bhaile Átha Cliath, chaith sí trí bliana ar an bhfoireann a chabhráigh le Tomás de Bhaldráithe *Foclóir Béarla-Gaeilge* a chur le chéile. D'fhill sí ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha ansin agus bhí sí ina ball de thoscaireacht na hÉireann go dtí na Náisiúin Aontaithe idir na blianta 1957 agus 1960.

4. Bhí tionchar mór ag uncail Mháire, an Moinsíoneoir Pádraig de Brún, ar a saol ó thaobh na Gaeilge de. Fear sárléannta agus Gaeilgeoir ba ea é. Dúirt Máire gur trí mheán na Gaeilge a thug a huncail an t-eolas go léir ar chúrsaí léinn di. Thóg sé teach, 'Tigh na Cille', i nDún Chaoin i nGaeltacht Chorca Dhuibhne chun gurbh fhéidir le clann a dheirféar, máthair Mháire, fás aníos ag labhairt Gaeilge i dtimpeallacht dhúchasach na Gaeilge. Chaitheadh Máire cúpla mí i dTigh na Cille i nDún Chaoin gach bliain le linn a hóige. Chreid sí go hóbh

gur sa Ghaeltacht a bhí tobar an dúchais Ghaelaigh. Le linn a tréimhsí i gCorca Dhuibhne, fuair sí an saibhreas Gaeilge a chuir ar a cumas í féin a chur in iúl gan dua trí mheán na filíochta. Ba é an paisean a bhí aici don teanga a mhúnlaigh a modh smaointeoireachta agus a meon. In agallamh léi san iris *Comhar* in 2012, dúirt sí go raibh sí buartha i gcónaí go gcaillfí an chuid sin d'oidhreacht na hÉireann a bhaineann leis an nGaeilge agus go mbáfaí sinn ar deireadh thiar faoi ualach mór de Bhéarla Mheiriceá.

5. Deirtear gur thosaigh Máire Mhac an tSaoi ag scríobh dánta i nGaeilge chun spásanna bána a líonadh san iris *Comhar*. Bhí Máire misniúil ó thaobh téamaí de ina cuid filíochta. Scríobh sí go hoscailt e firinneach faoi mhianta collaí agus faoin máithreachas ag am a raibh ról agus guth na mban sa saol poiblí agus sa litríocht fós cúng srianta. D'úsáid sí pearsana ban as traidisiún litríochta na Gaeilge – Gráinne as an bhFiannaíocht

agus Deirdre as an Rúraíocht – ina cuid filíochta chun ábhar mothálach a láimhseáil ar bhealach drámata agus chun an t-eispéireas baineann a fhiosrú. Is mórsaothair i litríocht na hÉireann iad a cuid cnuasach filíochta, *Margadh na Saoire* agus *Codladh an Ghaiscigh agus véarsaí eile*, mar shampla. Glactar leis gur réitigh sí an tslí do ghlúin banfhilí a tháinig ina diaidh. Dúirt Máire gurbh é an file Piaras Feiritéar ó iarhar Chiarraí sa seachtú haois déag an laoch ba mhó a bhí aici. Spreag na scéalta a chuala sí faoi Phiaras Feiritéar i nDún Chaoin í chun tráchtas a scríobh ar a dhánta. Chomh maith leis sin, scríobh sí an leabhar, *Cérbh í Meg Russell?*, ar a shaol agus ar a shaothar. Aistritheoir ba ea Máire chomh maith. D'aistrigh sí dánta Spáinnise, Fraincise agus Gearmáinise go Gaeilge. Cuimhneofar uirthi as an oidhreacht liteartha a d'fhág sí ina diaidh.

Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla

Ceisteanna

1. (a) Cén nós a bhíonn ag daoine ag deireadh gach bliana? (Alt 1)
 - (b) (i) Scríobh síos rud **amháin** a dúirt an tUachtarán, Micheál D. Ó hUiginn, nuair a cailleadh Máire Mhac an tSaoi. (Alt 1)
 - (ii) Luaigní rud **amháin** a dúradh sna haitl a foilsíodh in irisí agus i nuachtáin in ómós do Mháire Mhac an tSaoi. (Alt 1)(7 marc)

2. (a) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi athair Mháire, Seán Mac an tSaoi. (Alt 2)
 - (b) (i) Cá bhfios dúinn go raibh cumas intleachta as an ngnách i Máire? (Alt 2)
 - (ii) Cén fáth arbh éigean do Mháire an pleán a bhí aici chun dul ag staidéar in *Institut des Hautes Études en Sorbonne* i bPáras, a chur ar athlá? (Alt 2)(7 marc)

3. (a) Scríobh síos **dhá** chúis nach ndeachaigh Máire leis an dlí mar ghairm bheatha riamh. (Alt 3)
 - (b) (i) Cén toradh a bhí ar scrúdú oscailte iomaíoch na Státseirbhísé a rinne Máire? (Alt 3)
 - (ii) Cén obair a rinne Máire ar feadh trí bliana nuair a d'fhill sí ar Bhaile Átha Cliath as Madrid? (Alt 3)(7 marc)

4. (a) Tabhair **dhá** shlí ina raibh tionchar mór ag uncail Mháire, an Moinsíoneoir Pádraig de Brún, ar a saol ó thaobh na Gaeilge de. (Alt 4)
 - (b) (i) Conas a chuir na tréimhsí a chaith Máire i gCorca Dhuibhne lena cumas filíochta? (Alt 4)
 - (ii) Luaigní rud **amháin** a dúirt Máire in agallamh san iris *Comhar* in 2012. (Alt 4)(7 marc)

5. (a) Cén fáth a ndeirtear go raibh Máire Mhac an tSaoi misniúil ó thaobh téamaí de ina cuid filíochta? (Alt 5)
 - (b) (i) Luaigní an **dá** chúis ar bhain sí úsáid as pearsana ban as traidisiún litríochta na Gaeilge ina cuid filíochta. (Alt 5)
 - (ii) Cad a spreag Máire chun scríobh faoi Phiaras Feiritéar? (Alt 5)(7 marc)

6. (a) Aimsigh sampla de bhriathar sa Mhodh Conníollach in Alt 1 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 5.
 - (b) Bunaithe ar an eolas sa slocht thuas, déan plé ar **dhá** thréith de chuid Mháire Mhac an tSaoi, dar leat. Bíodh sampla **amháin** ón slocht agat, i **d'fhocail féin**, ag tacú le gach tréith a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.)(15 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

Ceol Traidisiúnta na hÉireann

1. Tá ár bhféiniúlacht chultúrtha, mar a chuirtear in iúl í sa cheol, sa rince, sna cluichí Gaelacha agus sa Ghaeilge tábhachtach dúinn mar Ghaeil. Tugann an fhéiniúlacht chultúrtha sin aitheantas dúinn mar chine, déanann sí sinn a idirdhealú ó phobail eile agus músclaíonn sí mórtas ionainn mar Ghaeil. Cuimsíonn an téarma ‘ceol traidisiúnta na hÉireann’ cineálacha éagsúla amhránaíochta, rince agus ceoil urlise a d’fhorbair na Gaeil sa bhaile agus thar lear i gcaitheamh na gcéadta bliain. Tá grúpaí Gaelacha ag saothrú an cheoil thraidisiúnta sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Tá traidisiún na hamhránaíochta ar an sean-nós ag dul ó neart go neart i gcónaí. Is eispéiris chultúrtha iad na félte ceoil a bhíonn ar siúl i rith na bliana. Meallann an fhéile cheoil bhliantúil, Fleadh Cheoil na hÉireann, ceoltóirí, amhránaithe agus rinceoirí ó gach cearn den tir agus ó thíortha thar lear. Bíonn siad in iomaíocht le chéile sna comórtais éagsúla agus ag baint taitneamh as na himeachtaí ceoil a bhíonn ar siúl le linn na féile. Tharraing na seónna *Riverdance* agus *Lord of the Dance* aird an domhain ar thraidisiún bríomhar ceoil agus rince na hÉireann sna nójaidí, agus tá an rince Gaelach faoi bhláth athuair ó shin i leith. Tá an rince Gaelach á chleachtadh anois ag níos mó daoine ná riagh.

2. Nuair a bunaíodh Saorstát Éireann céad bliain ó shin, bhí athbheochan cultúr ag fréamhú ar fud na tíre ag an am céanna. Bhí obair ar siúl ag Conradh na Gaeilge ón m bliain 1893 chun an Ghaeilge agus an fhéiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn. Cuireadh craobhacha den Chonradh ar bun ar fud na tíre agus bhíodh an Ghaeilge, an ceol agus na rincí Gaelacha á múineadh sna craobhacha sin. Thionóil siad Féile an Oireachtais gach bliain ón m bliain 1897, agus bhíodh comórtais cheoil agus amhránaíochta ar siúl ag an bhféile sin. Bunaíodh Coimisiún Béaloideas Éireann i 1935 chun béaloideas agus oidhreacht chultúr na tíre a bhailí sula rachadh siad i léig. Duine de na bailitheoirí ceoil ba ea Séamus Ennis. Thaistil sé ar fud larthar na hÉireann idir na blianta 1942 agus 1947 agus bhailigh sé taisce mhór den cheol a bhí beo i mbéal na ndaoine.

Murach an obair bhailiúcháin a rinne Séamus Ennis agus bailitheoirí ceoil eile, chaillfí go deo cuid mhaith de na hamhrán agus de na foinn atá le cloisteáil go fairsing anois. Bunaíodh Comhaltas Ceoltóirí Éireann sa bhliain 1951 chun ceol agus rince traidisiúnta na tíre a athbheochan agus thionóil siad an chéad Fleadh Cheoil sa bhliain chéanna.

3. Duine de mhórphearsana an cheoil in Éirinn sna seascaídí ba ea Seán Ó Riada. Chuir Ó Riada cóiriú nuálach ar an gceol traidisiúnta sa scannán *Mise Éire* nuair a chóirigh sé foinn thraidisiúnta agus amhráin sean-nós do cheolfoireann shiansach. Bhunaigh sé an grúpa Ceoltóirí Chualann sa bhliain 1960. Buón de cheoltóirí traidisiúnta ar mhó a cosúlacht le ceolfoireann bheag ná le banna céili a bhí sa ghrúpa. D’aimsigh Ó Riada agus Ceoltóirí Chualann bealach nua leis an gceol traidisiúnta a chur i láthair an phobail. Bhí meascán uirlisí acu agus chuir siad béisim ar gach uirlis go haonarach chomh maith leis na huirlisí a bheith á seimh i dteannta a chéile, rud nach ndearnadh roimhe sin. Lean grúpaí eile nós Ceoltóirí Chualann ina dhiaidh sin sna seachtoidí agus sna hochtóidí, *The Chieftains* ina measc. Chuir *The Chieftains* ceol traidisiúnta na tíre seo i láthair lucht féachana nár chuala riamh cheana é nuair a chuaigh siad ar camchuairteanna ar fud an domhain. Rinne siad taifeadtaí ceoil i gcomhpháirt le ceoltóirí idirnáisiúnta, *The Rolling Stones* san áireamh, agus thuill siad clú idirnáisiúnta leis na fuaimrianta a rinne siad do scannán mhór-ráchairte.

4. Tá an phíb uilleann agus an chruit ina ndlúthchuid de cheol na hÉireann. Faoi na 1960idí, bhí traidisiún na píbe uilleann i ndeireadh na feide. Ní raibh ach fíorbheagán píobairí in Éirinn agus níos lú fós, b’fhéidir cúigear, ag déanamh na huirlise. Bhí baint ag an bpíobaire uilleann, Liam Óg Ó Floinn, ball den ghrúpa *Planxty*, leis an bhfás mór a tháinig ar cháil na píbe uilleann. Bhí seisean i measc bhunaitheoirí an chumainn, Na Píobairí Uilleann, sa bhliain 1968 agus é mar chuspóir acu ceol na píbe uilleann a athbheochan. Thaispeán Ó Floinn go raibh an phíb uilleann

oiriúnach do chineálacha eile ceoil nuair a sheinn sé le leithéidí Kate Bush agus Emmylou Harris. Rinne sé comhoibriú leis an gcumadóir Shaun Davey sa saothar ceoil, *The Brendan Voyage*, saothar nuálach ceoil don phíb uilleann agus do cheolfoireann shiansach, saothar ceoil a chuir le cailí na píbe uilleann. Tháinig borradh faoin gcruitireacht in Éirinn sna seascaidí le bunú an chumainn, Cairde na Cruite, chun an chruit a chur chun cinn. Tá an Phíobaireacht Uilleann agus an Chruitireacht aitheanta ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) mar shiombailí tábhachtacha d'oidhreacht bheo na hÉireann chun iad a chosaint do na glúnta atá le teacht.

5. Tá forbairtí na teicneolaíochta ag cabhrú le cur chun cinn an cheoil thraidiúnta le blianta beaga anuas. Tá ardáin nua ag na ceoltóirí anois chun

iad féin agus a gcuid ceoil a chur os comhair an domhain mhóir. Is féidir le haon duine ar domhan an ceol agus na hamhráin a íoslódáil ó na seirbhísí sruthaithe ceoil in áit ar bith. Cuireann TG4 agus Raidió na Gaeltachta ardáin ar fáil do dhaoine atá ag cothú agus ag cur chun cinn an cheoil thraidiúnta. Is í an Chomhairle Ealaíon, an ghníomhairesacht rialtais atá freagrach as na healaíona a forbairt mar ghné luachmhar den saol. Is iad na cúramí atá orthu ná spéis an phobail a spreagadh sna healaíona, cleachtadh na n-ealaíon a chur chun cinn agus na healaíona a mhaoliniú. Tá Taisce Cheol Dúchais Éireann i mBaile Átha Cliath. Is cartlann acmhainní agus ionad tagartha í do dhaoine a bhfuil suim acu san amhránaíocht, sa cheol urlise agus i rince dúchais na hÉireann.

Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla

Ceisteanna

1. (a) Scríobh síos **dhá** chuíos a bhfuil ár bhféiniúlacht chultúrtha tábhachtach dúinn mar Ghaeil. (Alt 1)
 - (b) (i) Luigh pointe **amháin** eolais faoin bhféile cheoil bhliantúil, Fleadh Cheoil na hÉireann. (Alt 1)
 - (ii) Tabhair toradh **amháin** a bhí ar na seónna *Riverdance* agus *Lord of the Dance*. (Alt 1)(7 marc)
2. (a) Luigh **dhá** phointe eolais faoin obair a rinne Conradh na Gaeilge chun an Ghaeilge agus an fhéiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn. (Alt 2)
 - (b) (i) Cén fáth ar bunaíodh Coimisiún Béaloideas Éireann i 1935? (Alt 2)
 - (ii) Cén tábhacht a bhain leis an obair bhailiúcháin a rinne Séamus Ennis agus bailitheoirí ceoil eile? (Alt 2)(7 marc)
3. (a) Cén cóiriú nuálach a chuir Seán Ó Riada ar an gceol traidisiúnta sa scannán *Mise Éire?* (Alt 3)
 - (b) (i) Cén bealach nua a d'aimsigh Ó Riada agus Ceoltóirí Chualann leis an gceol traidisiúnta a chur i láthair an phobail? (Alt 3)
 - (ii) Luigh rud **amháin** a léiríonn gur chuir *The Chieftains* ceol traidisiúnta na hÉireann ar an stáitse idirnáisiúnta. (Alt 3)(7 marc)
4. (a) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi thraidiúnta na píbe uilleann faoi na 1960idí. (Alt 4)
 - (b) (i) Tabhair sampla **amháin** den bhaint a bhí ag Liam Ó Floinn leis an bhfás móra a tháinig ar cháil na píbe uilleann. (Alt 4)
 - (ii) Cén fáth a bhfuil an Phíobaireacht Uilleann agus an Chruitireacht aitheanta ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO)? (Alt 4)(7 marc)
5. (a) Scríobh síos **dhá** bhealach a gcabhraíonn forbairtí na teicneolaíochta le cur chun cinn an cheoil thraidiúnta le blianta beaga anuas. (Alt 5)
 - (b) (i) Luigh **dhá** chúram atá ar an gComhairle Ealaíon. (Alt 5)
 - (ii) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi Taisce Cheol Dúchais Éireann i mBaile Átha Cliath. (Alt 5)(7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 2 **agus** sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5.
 - (b) Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, as an sliocht, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor **60** focal.)(15 mharc)

Ceist 2 PRÓS (30 marc)

– PRÓS AINMNITHE **nó** PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) **nó** Ceist 2B (Prós Roghnach).

2A. Prós Ainmnithe

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

- (a) Freagair an cheist thíos ar an scannán *Cáca Milis* **nó** ar an dráma *An Lasair Choille*.

Cáca Milis

‘Tugtar léiriú dúinn sa scannán *Cáca Milis* ar an gcaidreamh idir Catherine agus Paul agus ar an toradh a bhí ar an gcaidreamh sin.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (30 marc)

nó

An Lasair Choille

‘Tá léiriú sa dráma *An Lasair Choille* ar an gcineál saoil atá ag Séamas, an fear óg, agus ar an athrú a thagann ar a thuisint ar an saol sin de bharr chuairt Mhíoda.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (30 marc)

nó

(b) **Hurlamaboc**

‘Tá léiriú sa ghiota as an úrscéal *Hurlamaboc* ar mheon Lisín agus ar an gcaoi a múnláíonn an meon sin an cineál saoil atá aici féin agus ag a teaghlaigh.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (30 marc)

2B. Prós Roghnach

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

- (a) Freagair an cheist thíos ar an scannán roghnach **nó** ar an dráma roghnach.

Maidir leis an **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachтар (an phríomhphearsa) sa scannán sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar iompar an duine sin agus ar an gcaoi a dtéann iompar an duine sin i bhfeidhm ar imeachtaí an scannáin.

Ní mór teideal an scannán sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

nó

Maidir leis an **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachтар (an phríomhphearsa) sa dráma sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar iompar an duine sin agus ar an gcaoi a dtéann iompar an duine sin i bhfeidhm ar imeachtaí an dráma.

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

nó

- (b) Maidir leis an ngiota as an **úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghiota sin. Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an ghiota.

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)

– FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** Ceist 3B (Filíocht Rognach).

3A. Filíocht Ainmnithe

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

(a) An tEarrach Thiar

- (i) 'Sa dán *An tEarrach Thiar* (thíos), tugann an file cuntas dúinn ar na radhairc agus ar na fuaiméanna a bhain le saol an oileáin le linn a óige.' É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) Críochnaíonn gach véarsa leis na focail 'San Earrach thiar.' Cén tábhacht a bhaineann leis an athrá sa líne dheireanach de gach véarsa, dar leat? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

An tEarrach Thiar

1. Fear ag glanadh cré
De ghímseán spáide
Sa gciúineas shéimh
I mbrothall lae:
 Binn an fhuaim
 San Earrach thiar.

2. Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhurling bháin:
 Niamhrach an radharc
 San Earrach thiar.

3. Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
 Támh-radharc síothach
 San Earrach thiar.

4. Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
 San Earrach thiar.

(b) Colscaradh

- (i) 'Sa dán *Colscaradh* (thíos), tugann an file cuntas dúinn ar dhá dhearcadh dhifriúla i leith an phósta.'
É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) Cén éifeacht a bhaineann leis an dá líne dheireanacha den dán, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

Colscaradh

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

3B. Filíocht Roghnach

Freagair do rogha ceann amháin de (a) nó (b) thíos.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

(a)

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.

Déan plé ar an úsáid a bhaineann an file as do rogha ceann amháin díobh seo a leanas chun an príomhthéama sin a chur in iúl: íomhánna, codarsnacht nó mothúcháin.

(15 mharc)

- (ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort?

(Is leor pointe amháin eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh notaí gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

(9 marc)

nó

(b)

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.

Déan plé ar an gcaoi a ndéantar forbairt ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

(15 mharc)

- (ii) Scríobh síos an teicníc fhileata is mó a thaitníonn leat sa dán.

Tabhair pointe amháin eolais as an dán faoin teicníc sin.

(6 mharc)

- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh notaí gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

(9 marc)

Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

— LITRÍOCHT BHREISE — (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F) thíos.

4A. An Triail

‘Sa dráma *An Triail*, éiríonn le Pádraig Mac Cárthaigh smacht iomlán a fháil ar aigne agus ar mhothúcháin an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh, agus íocann sí go daor as a grá dó.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4B. A Thig Ná Tit Orm

‘Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, tugann Maidhc Dainín cuntas taitneamhach dúinn ar a chuid scolaíochta agus ar an gcleasaíocht le linn a óige.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

‘Tá an díoltas i bhfad níos láidre ná an grá sa *Tóraíocht*.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4D. Gafa

‘Is daoine féinláracha, leithleacha iad Breandán agus Eoin sa sliocht as an úrscéal *Gafa*, agus is mó an t-anró a fhulaingíonn Eithne dá bharr sin.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4E. Canary Wharf

‘Sa scéal *Cosaint Sonrai*, gligín ceart a bhí i Leanóra, an maor fairne, a bhain taitneamh rómhór as an mbeagán cumhachta a bhí aici, dar le Gráinne.’

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4F. Dánta Breise – Caoineadh Airt Uí Laoghaire

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

Nóta: Bain úsáid as Leagan 1 **nó** as Leagan 2 (lgh 14-15 thall) den dán i do fhreagraí.

(i) Tugtar léiriú dúinn ar ghrá Eibhlín d'Art Ó Laoghaire agus ar a croíbhriseadh tar éis a bháis sa dán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*. É sin a phlé. (20 marc)

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) d'Art a chuirtear romhainn sna línte 19-29 den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (10 marc)

(iii) Cén mheadaracht atá sa dán seo? Scríobh pointe **amháin** eolais faoin meadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn as an dán. (10 marc)

Caoineadh Airt Uí Laoghaire

Leagan 1		Leagan 2	
	I		I
		Eibhlín Dhubb	
		(i)	
4	<p>Mo ghrá go daingean tu! Lá dá bhfaca thu Ag ceann tí an mhargaidh, Thug mo shúil aire dhuit, Thug mo chroí taitneamh duit, D'éalaíos óm charaid leat I bhfad ó bhaile leat.</p>	<p>Mo ghrá go daingean tu ! Lá dá bhfaca thu Ag ceann tí an mhargaidh, Thug mo shúil aire dhuit, Thug mo chroí taitneamh duit, D'éalaíos óm charaid leat I bhfad ó bhaile leat.</p>	
8	<p>Is domhsa nár bh aithreach: Chuiris parlús á ghealadh dhom Rúmanná á mbreacadh dhom, Bácús á dheargadh dhom,</p>	<p>Is domhsa nár bh aithreach: Chuiris parlús á ghealadh dhom Rúmanná á mbreacadh dhom,</p>	
12	<p>Bríci á gceapadh dhom, Rósta ar bhearaibh dom, Mairt á leagadh dhom;</p>	<p>Bácús á dheargadh dhom, Bríci á gceapadh dhom, Rósta ar bhearaibh dom,</p>	
16	<p>Codladh i gclúmh lachan dom Go dtíodh an t-eadartha Nó thairis dá dtaitneadh liom.</p>	<p>Mairt á leagadh dhom; Codladh i gclúmh lachan dom Go dtíodh an t-eadartha Nó thairis dá dtaitneadh liom.</p>	
20	<p>Mo chara go daingean tu! Is cuimhin lem aigne An lá breá earraigh úd, Gur bħreá thíodh hata dhuit Faoi bhanda óir tarraigthe, Cláiomh cinn airgid –</p>	<p>Mo chara go daingean tu ! Is cuimhin lem aigne An lá breá earraigh úd, Gur bħreá thíodh hata dhuit Faoi bhanda óir tarraigthe,</p>	
24	<p>Lámh dheas chalma – Rompsáil bhagarthach – Fír-chritheagla</p>	<p>Cláiomh cinn airgid – Lámh dheas chalma – Rompsáil bhagarthach –</p>	
28	<p>Ar námhaid chealgach – Tú i gcóir chun falaracht, Is each caol ceannann fút. D'umhlaídís Sasanaigh</p>	<p>Fír-chritheagla Ar námhaid chealgach – Tú i gcóir chun falaracht, Is each caol ceannann fút.</p>	
32	<p>Síos go talamh duit, Is ní ar mhaithe leat Ach le haon-chorp eagla, Cé gur leo a cailleadh tu, A muirnín mh'anama.</p>	<p>D'umhlaídís Sasanaigh Síos go talamh duit, Is ní ar mhaithe leat Ach le haon-chorp eagla, Cé gur leo a cailleadh tu,</p>	
	<i>(ar lean thall ar Ich 15)</i>		<i>(ar lean thall ar Ich 15)</i>

Leagan 1 (ar lean)		Leagan 2 (ar lean)	
36	Mo chara thu go daingean! Is nuair thiocfaidh chugham abhaile Conchubhar beag an cheana Is Fear Ó Laoghaire, an leanbh,		(iv) A mharcaigh na mbán-ghlac ! Is maith thíodh biorán duit Daingean faoi cháimbric, Is hata faoi lása.
40	Fiafróid díom go tapaidh Cár fhágas féin a n-athair. 'Neosad dóibh faoi mhairg Gur fhágas i gCill na Martar.	40	Tar éis teacht duit thar sáile Glantaí an tsráid duit, Is ní le grá dhuit Ach le han-chuid gráine ort.
44	Glaofaid siad ar a n-athair, Is ní bheidh sé acu le freagairt. Mo chara thu go daingean! Is níor chreideas riamh dod mharbh		(v) Mo chara thu go daingean ! Is nuair thiocfaidh chugham abhaile
48	Gur tháinig chugham do chapall Is a srianta léi go talamh, Is fuli do chroí ar a leacain Siar go t'íallait ghreanta	45	Conchubhar beag an cheana Is Fear Ó Laoghaire, an leanbh, Fiafróid díom go tapaidh Cár fhágas féin a n-athair.
52	Mar a mbítheá id shuí 's id sheasamh. Thugas léim go tairsigh, An dara léim go geata, An tríú léim ar do chapall.	50	'Neosad dóibh faoi mhairg Gur fhágas i gCill na Martar. Glaofaid siad ar a n-athair, Is ní bheidh sé acu le freagairt.
56	Do bhuailleas go luath mo bhasa Is do bhaineas as na reathaibh Chomh maith is bhí sé agam, Go bhfuaras romham tu marbh	55	(vi) Mo chara is mo ghamhain tu ! Gaol larla Antroim
60	Cois toirín ísil aitinn, Gan Pápa gan easpag, Gan cléireach gan sagart Do léifeadh ort an tsailm,		Is Bharraigh ón Allchoill, Is breá thíodh lann duit, Hata faoi bhanda, Bróg chaol ghallda,
64	Ach seanbhean chríonna chaite Do leath ort binn dá fallaing – Do chuid fola leat 'na sraithibh; Is níor fhanas le hí ghlanadh	60	Is culaith den abhrs A sníomhthaí thall duit.
68	Ach í ól suas lem basaibh.		(vii) Mo chara thu go daingean !
	V		Is níor chreideas riamh dod mharbh Gur tháinig chugham do chapall
177	Mo ghrá thu agus mo rún! Tá do stácaí ar a mbonn, Tá do bha buí á gcrú;	65	Is a srianta léi go talamh, Is fuli do chroí ar a leacain Siar go t'íallait ghreanta
180	Is ar mo chroí atá do chumha Ná leigheasfadhbh Cúige Mumhan Ná Gaibhne Oileáin na bhFionn. Go dtiocfaidh Art Ó Laoghaire chugham		Mar a mbítheá id shuí 's id sheasamh.
184	Ní scaipfidh ar mo chumha Atá i lár mo chroí á bhrú, Dúnta suas go dlúth Mar a bheadh glas a bheadh ar thrúnc	177	(xix) Níor dheineas dá chaint ach magadh, Mar bhíodh á rá liom go minic cheana.
188	'S go raghadh an eochair amú.	180	(xx) Mo chara thu is mo chuid ! A mharcaigh an chlaímh ghil,
			Éirigh suas anois, Cuir ort do chulaith Éadaigh uasail ghlain,
		185	Cuir ort do bhéabhar dubh, Tarraing do lámhainní umat. Siúd í in airde t'fhuip;
		188	Sin í do láir amuigh. Buail-se an bóthar caol úd soir

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóirfodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

Gaeilge – Páipéar II

Dé Máirt 14 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:35